

## Ról Innealtóra Aeraspáis

### ***Bí páirteach i gcuideachta nuálach agus forásach san Iarthar!***

Tá ÉireComposites páirteach i bhforbairt an dearaidh agus i ndéanamh comhpháirteanna comhchodacha agus cóimeálacha do na hearnálacha Aeraspáis, Spáis, Fuinnimh In-athnuaite agus Tionscail. Déanann ÉireComposites páirteanna criticiúla eitleoireachta d'aerárthaigh ar nós an Global 5500 agus an Airbus A220. Tá páirteanna a rinne ÉireComposites á n-úsáid ar aerárthaigh tráchtála ó 2008. Tá folúntas ann anois d'Innealtóir Aeraspáis chun dul ar ár bhfoireann agus cabhair a thabhairt mar thacú le fás an ghnó.

Ról buan lánaimseartha atá anseo agus is iad na hamanna oibre atá leagtha síos ná Luan go Déardaoin 8.30 – 5pm agus 8.30 – 3.30pm ar an Aoine. Tá rogha ann socrú a dhéanamh chun oibriú ó chian, ach go gcaithfear trí lá ar a laghad a oibriú ar an Iathair.

### **Freagrachtaí:**

- Comhordú agus eolas teicniúil a chur ar fáil faoi thionscadail ábhar comhchodach aeraspáis.
- Dul i gcomhairle le custaiméirí faoi thascanna innealtóireachta.
- Forbairt leanúnach ar nósanna imeachta maidir le déantúsaíocht agus cóimeáil, chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar cháilíocht na gcomhpháirteanna.
- Treoracha oibre agus treoracha cóimeála a chruthú chun cuidiú le déanamh na gcomhpháirteanna.
- Monatóireacht ghníomhach a dhéanamh ar athruithe a dhéanann custaiméirí ar orduithe agus líníochtaí, agus na hathruithe a thairfead de réir nósanna imeachta na cuideachta.
- Cuidiú leis an bhfoireann Innealtóireachta ar thascanna éagsúla.
- Oibriú go dlúth leis na Ceannairí Táirgthe chun a chinntiú go gcloífead leis na dátaí seachadta.
- Smaointe dearaidh a chur i bhfeidhm agus iad a chomhordú le tionscadail nua / dul i gcomhairle leis an bhfoireann deartha chun riachtanais na seirbhísí crua agus boga a chinntiú ar aon dul le nósanna imeachta na cuideachta.

### **Riachtanais**

- Taithí 5 bliana ar a laghad in OEM déantúsaíochta aeraspáis nó le soláthróir leibhéal a haon nó leibhéal a dó.
- Céim leibhéal 8 san Aeraspás nó céim san Innealtóireacht Mheicniúil.
- Taithí ar ábhair chomhchodacha.
- Eolas ar CATIA V5 agus SolidWorks.

- A bheith in ann tionscadail a bhainistiú mar aon le ceannasaíocht a thabhairt agus a bheith páirteach i bhfoirne ilréimsiúla chun tionscnaimh innealtóireachta a chur i gcrích.
- Taithí ar dhoiciméid innealtóireachta aerárthaí a léamh agus a léirmhíniú.
- Taithí ar OEM Aeraspáis nó le déantóir Leibhéal 1.
- Scil a bheith ag an duine i bhfeidhmiú smaointeoireacht córas chun in-déantúsú comhpháirteanna a fheabhsú agus chun fadhbanna cáilíochta a réiteach.
- Eolas ar phróisis tháirgeachta agus dheartha, modhanna caighdeánacha deisiúcháin an tionscail aerárthaí san áireamh.
- A bheith in ann leasuithe nuálacha a fhorbairt ar dhearadh agus ar dhéantúsú comhpháirteanna comhchodacha ardleibhéil, agus ábhar nua a chomhtháthú.
- Scil chun athruithe i ndearadh agus i bpróiseáil a ghríosadh.
- A bheith in ann cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach agus feidhmiú go deimhneach, mar aon le nuálaíocht agus acmhainneacht a léiriú.
- A bheith in ann curaclam teicniúil a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a chomhtháthú.
- Scileanna láidre cumarsáide, scríofa agus ó bhéal.
- Eolas ar cháipéisíocht innealtóireachta

Seol isteach d'fhormáid CV féin, le do thoil. Ar an drochuair, ní féidir linn freagra a thabhairt ar gach CV a fhaigheann muid mar gheall ar an líon acu a bhíonn i gceist. Ach é sin ráite, tabharfaidh muid freagra d'iarrthóirí a thagann chuig agallamh agus cuirfear aiseolas ar fáil má iarrtar é. Tá ár sainchuntais poist go léir ar fáil go hiomlán i mBéarla agus i nGaeilge araon ar [www.eirecomposites.com](http://www.eirecomposites.com), agus ansin freisin gheobhaidh tú breis eolais faoinár ngnó. Seol do CV go dtí [hr@eirecomposites.com](mailto:hr@eirecomposites.com).

### **Buntáistí:**

- Tuarastal lomaíoch a bheidh gaolmhar le taithí agus cáilíochtaí.
- Rochtain éasca – 25 nóim ó Chnoc na Cathrach,
- Ról buan.
- Pinsean cuideachta.
- Árachas 'bás le linn seirbhíse'/saoil.
- Fiche lá saoire bhliantúil.
- Ionchas chun socruithe oibre hibrídeacha a shocrú.
- Imeachtaí/tionscnaimh folláine agus foirne.
- Traenáil & forbairt.
- Forbairt gairme.
- Páirceáil & ceaintín ar an láthair.
- Cuirfear éadaí oibre ar fáil.